

03

Plean tuile a
chruthú don
teaghlach
agus do
dhaoine aosta



Fíric: Tarlaíonn 80% de bhásanna tuile i bhfeithiclí. Tarlaíonn an chuid is mó nuair a dhéanann tiománaithe botún aonar, cinniúnach nuair atáthar ag iarraidh stiúradh trí uiscí tuile.

Má chónaíonn tú i limistéar i mbaol tuile is smaoineamh maith é plean tuile teaghlaigh a bheith ar bun ionas go mbeadh a fhios ag gach duine cad ba chóir a dhéanamh má tharlaíonn tuile. Tá sé tábhachtach go háirithe má tá baill teaghlaigh an-óg nó an-aosta ina gcónaí leat. Imlínte thíos tá roinnt moltaí le haghaidh do phlean.

- ◆ Coimeád liosta d'uimhreacha éigeandála i ngar don ghuthán, nó stóráilte i gcuimhne do ghuthán nó guthán póca.
- ◆ Cur paca tuile le chéile agus cinntigh go bhfuil a fhios ag gach duine cá bhfuil sé le fáil. Ba chóir go mbeadh tóirse, roinnt éadaí teolaí agus uisceadhóir, bataire nó raidió ab féidir glinneáil, lámhainní rubair, buataisí, trealamh garchabhrach agus blaincéid sa phaca tuile.
- ◆ Déan liosta de rudaí riachtanacha do na leanaí a chaithfidh tú a bheir leat má bhíonn ort imeacht. Mar shampla, bainne, bia linbh, buidéal aimridithe, éadach mosach, an rogha béirín nó bréagán.
- ◆ Smaoinigh ar na hearraí is luachmhaire duit féin. Déan liosta de na hearraí seo agus cinntigh go bhfuil a fhios agat cá bhfuil siad i dtreo is go mbeifeá in ann iad a bhogadh go tapa go dtí áit slán.
- ◆ An bhfuil leigheas ag teastáil ó éinne sa theaghlach? Ná déan dearmad é a thógáil leat.
- ◆ Gás agus leictreachas: bí cinnte go bhfuil a fhios agat cá bhfuil na pointí dúnta síos. An bhféadfá iad a fháil sa dhorchadas?
- ◆ Má tá ort imeacht an bhfuil áit éigin agat le dul ann? An mbeidh tú in ann dul ann, ag cuimhneamh go bhféadfadh bac a bheith ar roinnt bóithre de bharr na tuile?
- ◆ Má tá baill teaghlaigh aosta nó faoi mhíchumas agat sa teach, conas a d'fhéadfá iad a thabhairt amach go slán?
- ◆ Ná déan dearmad ar do pheataí. Bí cinnte go bhfuil áit slán agat dóibh. Má tá ort do theach a fhágáil, an féidir leat iad a choimeád leat nó an gá iad a choimeád in áit eile?



Comhairle speisialta do dhaoine aosta

Más duine aosta tú a chónaíonn leat féin, déan iarracht smaoineamh ar cá rachfá mar tharlaíonn tuile. An féidir leat fanacht le do chlann nó le cairde? Murar féidir an d'fhéadfadh d'údarás sláinte áitiúil lóistín a shocrú duit. Is iad seo a leanas roinnt réamhchúraimí ar chóir duit a dhéanamh ar fhaitíos tuile:

- ◆ Slí ealaithe a phleanáil, go háirithe má tá tú i mbungaló.
- ◆ Má chónaíonn tú i dteach le glais fhuinneoige, coimeád eochar thuas staighre i dtreo is go mbeidh tú in ann tartháilithe a ligean isteach más gá.
- ◆ Déan liosta d'uimhreacha úsáideacha agus coimeád é in áit sábháilte é. Ba chóir a chur san áireamh san liosta:
 - Baill ded' chlann agus comharsana ab féidir cabhrú.
 - D'údarás áitiúil agus stáisiún Garda.
 - Do Bhord Sláinte áitiúil.
 - Do chomhlacht árachais agus uimhreacha éigeandála.

Plean Tuile